2026/10 15.1.2026

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 194/2025

## an 19 Meán Fómhair 2025

## lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/10]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2024/1834 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2024 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta do ghaothráin mhótarthiomáinte ina bhfuil cumhacht ionchuir leictrigh idir 125 W agus 500 kW agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 327/2011 ón gCoimisiún ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) 2024/1834 aisghairtear, le héifeacht ón 24 Iúil 2026, Rialachán (AE) Uimh. 327/2011 ón gCoimisiún ([2]), rialachán atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE le héifeacht ón 24 Iúil 2026. Mar sin féin, leanfaidh Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an Rialachán sin d'fheidhm a bheith acu go dtí an 24 Iúil 2037, i ndáil le gaothráin atá comhtháite i dtáirgí eile agus i ndáil le gaothráin a chuirtear in áit gaothráin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 6y (Rialachán (AE) 2019/1784 ón gCoimisiún):

   '6z. **32024 R 1834**: Rialachán (AE) 2024/1834 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2024 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta do ghaothráin mhótarthiomáinte ina bhfuil cumhacht ionchuir leictrigh idir 125 W agus 500 kW agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 327/2011 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1834, 4.7.2024).'

2. Scriosfar téacs phointe 6d (Rialachán (AE) Uimh. 327/2011 ón gCoimisiún) le héifeacht ón 24 Iúil 2037.

*Airteagal 2*

Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 26z (Rialachán (AE) 2019/1784 ón gCoimisiún):

   '26za. **32024 R 1834**: Rialachán (AE) 2024/1834 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2024 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta do ghaothráin mhótarthiomáinte ina bhfuil cumhacht ionchuir leictrigh idir 125 W agus 500 kW agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 327/2011 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1834, 4.7.2024).'

2. Scriosfar téacs phointe 26e (Rialachán (AE) Uimh. 327/2011 ón gCoimisiún) le héifeacht ón 24 Iúil 2037.

([1]) IO L, 2024/1834, 4.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1834/oj.
([2]) IO L 90, 6.4.2011, lch. 8.

*Airteagal 3*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2024/1834 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 20 Meán Fómhair 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meán Fómhair 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Stefán Haukur JÓHANNESSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.